Dé Céadaoin 16. Feabhra 2022

P9_TA(2022)0035

Iarnród: síneadh a chur le bearta sealadacha i ndáil le muirir a thobhach – COVID-19 ***I

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1429 a mhéid a bhaineann le fad na tréimhse tagartha maidir le bearta sealadacha a chur i bhfeidhm i ndáil le muirir a thobhach i leith úsáid bonneagair iarnróid (COM(2021)0832 – C9-0001/2022 – 2021/0437(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(2022/C 342/33)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0832),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0001/2022),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 19 Eanáir 2022 [1],

— tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

— ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 26 Eanáir 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialacha 59 agus 163 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P9_TC1-COD(2021)0437

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 16 Feabhra 2022 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1429 a mhéid a bhaineann le fad na tréimhse tagartha maidir le bearta sealadacha a chur i bhfeidhm i ndáil le muirir a thobhach i leith úsáid bonneagair iarnróid

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2022/312.)

---

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.